*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: J. Bauerschmidt agus K. Pavlaki, Gníomhairí)

*Idiragraithe ag tacú leis an iarratasóir:* Ríocht na Beilge (ionadaithe: C. Pochet, L. Van den Broeck agus M. Jacobs, Gníomhairí), Ríocht na hÍsiltíre (ionadaithe: M. Bulterman, M.H.S. Gijzen agus J. Langer, Gníomhairí), Poblacht na Fionlainne (ionadaí: M. Pere, Gníomhaire), Ríocht na Sualainne (ionadaithe: C. Meyer-Seitz agus R. Shahsavan Eriksson, Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Cinneadh SGS 21/000067 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 14 Eanáir 2021, lenar diúltaíodh dó rochtain a fháil ar dhoiciméid áirithe, códaithe "WK," a malartaíodh laistigh de meithleacha ábhartha na Comhairle i gcomhthéacs nós imeachta reachtach 2016/0107 (COD), maidir le leasú Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 a ghabhann leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara maidir le cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO 2013, L 182, lch. 19), ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1. Cuirtear Cinneadh SGS 21/000067 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 14 Eanáir 2021 ar neamhní.

2. Ordaítear don Chomhairle a costais féin, agus na costais arna dtabhú ag Emilio De Capitani, a íoc.

3. Ordaítear do Ríocht na Beilge, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a gcostais féin a íoc.

(1) IO C 206, 31.5.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 18 Eanáir 2023 – Neratax v EUIPO – Intrum Hellas agus páirtithe eile (ELLO ERMOL, Ello creamy, ELLO, MORFAT Creamy agus MORFAT)**

**(Cás T-528/21)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí neamhbhailíochta – Focalmharcanna de chuid an Aontais Eorpaigh ELLO agus MORFAT agus marcanna fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ELLO ERMOL, Ello creamy agus MORFAT Creamy – Dearbhfhoras neamhbhailíochta – Meon mímhacánta – Airteagal 52(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 [Airteagal 59(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001 anois])***

(2023/C 94/36)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Neratax LTD (an Niocóis, an Chipir) (ionadaí: V. Katsavos, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: E. Markakis, Gníomhaire)

*Páirtí eile, idiragraí os comhair na Cúirte Ginearálta:* Intrum Hellas AE Daicheirisis Apaitiseon Apo Daneia kai Pistoseis, ar a dtugtaí Piraeus Bank SA roimhe seo (an Aithin, an Ghréig) (ionadaí: P.-A. Koriatopoulou, Dlíodóir)

*Páirtithe eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO:* Eurobank Ergasias SA (an Aithin), National Bank of Greece SA (an Aithin)

## Ábhar:

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCeathrú Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 23 Meitheamh 2023 (Cásanna R 1295/2020-4, R 1296/2020-4, R 1298/2020-4, R 1299/2020-4 agus R 1302/2020-4) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Neratax LTD, chomh maith lena chostais féin, na costais arna dtabhú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) agus Intrum Hellas AE Daicheirisis Apaitiseon Apo Daneia kai Pistoseis, a íoc.

([1]) IO C 462, 15.11.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 25 Eanáir 2023 – Società Navigazione Siciliana v an Coimisiún**

**(Cás T-666/21)** ([1])

***(Státchabhair – Muiriompar – Díolúine i bpáirt ó oibleagáidí clárúcháin is iníoctha as gnó a aistriú idir gnóthais – Cinneadh lena ndearbhaítear go bhfuil an chabhair neamhdhleathach agus neamh-chomhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus a aisghabháil a ordú – Buntáiste – Faighteoir na cabhrach – Seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta – Oibleagáid cúiseanna a lua – Dliteanas neamhchonarthach – Fad iomarcach an nós imeachta)***

(2023/C 94/37)

*Teanga an cháis: an Iodáilis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Società Navigazione Siciliana SCpA (Trapani, an Iodáil) (ionadaithe: R. Nazzini, F. Ruggeri Laderchi, C. Labruna agus L. Calini, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Braga da Cruz, C.-M. Carrega agua D. Recchia, Gníomhairí)

**Ábhar:**

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go gcuirfí Cinneadh C(2021) 4268 final ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2021, maidir leis na bearta SA.32014, SA.32015, SA.32016 (2011/C) (ex 2011/NN) arna chur chun feidhme ag an Iodáil maidir le Siremar agus a fhaighteoir, Società Navigazione Siciliana, a mhéid a dhearbhaigh an Coimisiún díolúintí cánach áirithe neamhréireacha dá bhforáiltear le Dlí Uimh. 163 an 1 Deireadh Fómhair 2010 lena dtiontaíodh Dlí Foraithne Uimh. 125 an 5 Lúnasa 2010 inar ordaíodh a n-aisghabháil, ar neamhní go páirteach, agus, ar an dara dul síos, faoi Airteagal 268 CFAE, cúiteamh as damáiste a rinneadh di mar thoradh ar an nós imeachta iomarcach agus míréasúnta den imscrúdú foirmiúil.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Società Navigazione Siciliana SCpA na costais a íoc.

([1]) IO C 2, 3.1.2022.